




Ár nGeallúint Duitse

# Treo Straitéiseach

2024-28



## Cad chuige a bhfuil plean de dhíth orainn?

Sibhse, ár gcuid ball, atá i gceannas ar UUSU agus is mar sin atá ó bunaíodh muid in 1984. Mic léinn ag teacht le chéile ag obair i gcomhpháirt atá mar dhúshraith lenár gcuid oibríochtaí. Ach obair le chéile, in éineacht, tig linn fíorathrú a chur i bhfeidhm. Tig linn mar sin riar ar riachtanas agus ar leas ár gcuid ball go díreach lenár gcroíchuspóirí, mar atá, ionadaíocht, tacaíocht agus teagmháil a sholáthar.



Le linn thréimhse na straitéise deireanaí a bhí againn, tháinig muid trí phaindéim dhomhanda agus anois tá géarchéim an chostais mhaireachtála sa mhullach orainn. Mar eagraíocht a bhfuil a cuid ball mar chroí aici, caithfidh muid a bheith san áit a bhfuil muid de dhíth ort, nuair atáimid de dhíth ort. Níl an éifeacht chéanna a thuilleadh le cuspóirí agus spriocanna atá docht daingean. Sin é an fáth a mbeidh an treo straitéiseach nua seo inathraithe agus inaistrithe. Beidh sé mar ghealltanas daoibhse, ár mbaill, ach ligfidh sé dúinn athrú agus corraí, nuair is gá, sa dóigh is go mbeidh muid san áit is fearr, agus muid ag díriú ar na nithe gearrthéarmacha is fearr, le hionadaíocht, tacaíocht agus teagmháil a sholáthar daoibhse.

Nuair a bhí muid ag leagan amach ár ngeallúintí, rinne muid tréaniarracht léargas ceart a fháil ar an bhallaíocht le bonn ceart eolais a chur faoin phlean. Tá muid i ndiaidh cloisteáil ó oiread agaibh, ó gach cúlra, idir fócasghrúpaí, suirbhéanna, agus comhráit a bhí againn ar fud na gcampas go léir, agus muid ag iarraidh an bealach is fearr a aimsiú le tacú le gach uile mhac léinn. Go ceann cúig bliana amach anseo, is mian linn tuilleadh a dhéanamh daoibh sa dóigh go mbeidh muid ag riar ar riachtanas ár mball go léir, idir anseo agus san aimsir atá amach romhainn. Beidh bealach oibre inoiriúnaithe solúbtha againn a ligfidh dúinn seo a bhaint amach agus a chinnteoidh, faoi dheireadh, go mbeidh ár mball mar chuid de phobal a bhfuil dea-ionadaíocht aige, atá dinimiciúil, beoga, tacúil agus nasctha.

## Ár Misean



Tá muid anseo le feabhsú a dhéanamh ar bheatha na mac léinn trí phobal ionchuimsitheach tacúil a chruthú ina dtig le mic léinn lán a n-acmhainne a bhaint amach agus a chinntiú go gcloistear a nglór.



## Ár dTosaíochtaí

1

**Ionadaíocht** éifeachtach a dhéanamh ar na mic léinn san Ollscoil féin agus le páirtithe leasmhara taobh amuigh.

2

Tairiscintí agus seirbhísí a chur ar fáil mar **Thacaíocht** don phobal mac léinn.

3

Mic léinn a chur **i dteagmháil** lena chéile agus cairdeas saoil a chothú agus iad ar an ollscoil.

4

Éisteacht agus **Teagmháil** éifeachtach a dhéanamh le mic léinn lena chinntiú go mbionn muid ábhartha.

5

Eispéireas mic léinn den chéad scoth a chur ar fáil i dtólamh.



# Ár Luachanna



## Tá muid

### IONADAÍOCH

agus muid ag obair le glór a thabhairt don phobal mac léinn ón bhonn aníos agus ardán a thabhairt dár mbaill

### IONRAIC

agus níl leisce orainn comhráití deacra bheith againn le dícheall leasa a chur ar fáil do na mic léinn

### IONCHUMSITHTEACH

agus déanfaidh muid iarracht i dtólamh ionadaíocht a dhéanamh ar son gach mac léinn agus fáilte le comhbhá a chur rompu chuig an teaghlach UUSU.

### TACÚIL

agus muid á chinntiú go dtig le mic léinn teacht i dtaithe ar shaol na hollsoile agus leas a bhaint as.


### DÚTHRACHTACH

agus tá muid lántiomanta lena chinntiú go mbeidh cumas ag mic léinn, agus go mbaintear amach athrú chun a leasa.



# Ár dTuras

## Ciorcal an Ghealltanais



# Ár nGeallúintí

## Geallann muid **IONADAÍOCHT** a dhéanamh ort



Tá na baill ag croí UUSU. Déanann muid ionadaíocht ar bhaill ó chúraí difriúla agus mar sin cinnteoidh muid go mbeidh **'glór láidir ag ár bpobail ball go léir'**. Cuirfear seo i gcrích trí idirghabháil leanúnach agus teagmháil le gach grúpa ballraíochta, á chinntiú go gcloiseann muid an méid atá de dhíth ort uainn féin.



Mar eagraíocht atá faoi cheannas a cuid ball, caithfidh UUSU tuiscint a bheith aige ar na saincheisteanna atá ag baint do na baill. Ní dhéanfaidh UUSU talamh slán de go bhfuil na freagraí ar fad againn agus cinnteoidh go bhfaigheann muid **'aiseolas dílis mar mhacalla ar ár mballraíocht'**. Déanfar seo trí tuilleadh deiseanna teagmhála a chur ar fáil daoibhse, ar bhealaí difriúla agus le tréimhsí difriúla ama.



Is beag an mhaith muidne a bheith ar an eolas faoi shaincheisteanna na mball mura bhfuil dúil againn brú a chur agus iad a réiteach. **Mar sin, beidh muid inár n-údair athraithe i dtaca leis na saincheisteanna a bhaineann dár mbaill**, agus cuirfidh muid iad sin in iúl dóibh siúd a bhfuil de chumhacht ach athrú a thabhairt ann, agus brú a chur ar ghníomhú dearfach gach uair is féidir.



Déanann UUSU ionadaíocht ar ár mbaill go léir, agus mar sin **'mothóidh baill an ionchuimsitheacht, an éagsúlacht, agus go bhfuil siad san áit cheart'** as gach rud a dhéanann muid. Beidh an meon agus an cur chuige sin fite fuaite trínar gcuid oibre, ár bhfeachtais agus ár dteagmháil leis an bhallraíocht.


## Geallann muid **TACAÍOCHT** a thabhairt duit



Is rithábachtach go mbeidh deiseanna forbartha ann duit le linn do shaoil ar an ollscoil. Mar sin, beidh tairiscint athleasaithe athfhorbartha fheabhsaithe ann, a chuirfidh **'scileanna agus eispéiris nua' ar fáil dár mbaill agus iad mar chuid de UUSU.**



Tá ráite ag ár gcuid ball arís agus arís eile go bhfuil an tsláinte agus an fholláine mheabhrach ar na húdair inní is mó atá acu ar an ollscoil. Mar fhreagairt air seo, cuirfidh muid tacaíocht folláine ar fáil le **'plean leanúnach meabhairshláinte'** a rinneadh a fhorbairt in 2022-23 mar idirghabháil fhadtéarmach agus mar fhreagairt dhíreach ar riachtanais ár gcuid ball.



Tig le riachtanais ár gcuid ball athrú go tapa agus mar fhreagairt ar dhálaí nach bhfuil faoina smacht. Geallfaidh **UUSU go mbeidh feachtais ábhartha ar siúl a dhíríonn ar an dul chun cinn dearfach dár gcuid ball**. Beidh iarratais shoiléire ag na feachtais seo agus díreofar ar thorthaí a chinnteoidh leas ár mballraíochta.



Le gach rud a bhaint amach dár mbaill, **'gheofar ioncam breise le haghaidh infheistíochta i seirbhísí do bhaill'**. Cruthófar seo trí chistiú breise seachtrach a aimsiú idir dheontais, pháirtíochtaí agus deiseanna airgeadais.

## Geallann muid **NASC** a chruthú duit



Ba chóir go mbeadh eispéireas ollscoile den chéad scoth agat, ó thaobh an tsaoil acadúil agus an tsaoil shóisialta de. **'Mar chuid de seo beidh deiseanna ar theagmháil shóisialta ag ár gcuid ball ar fad'** agus cuirfidh UUSU féilire imeachtaí ar fáil atá éagsúil, agus deiseanna ar feadh na bliana agus imeachtaí móra ag pointí tábhachtacha i bhféilire acadúil na hollscoile.



Mar bhall de UUSU tá de cheart agat fios a bheith agat faoin mhéid atá ar siúl againn agus faoin uair a bhíonn sé ar siúl. Dá réir sin, **'beidh cumarsáid shimplí reidh dhírithé á cur ar fáil againn'** nach gcuirfidh isteach ar d'eispéireas gnóthach ollscoile. Féachann muid le nuacht rialta, inrochtana a chur ar fáil faoin dóigh a bhfuil muid ag tacú leat agus ag cur deiseanna chun cinn duit maidir le bheith páirteach i d'aontas.



Iarrfaidh UUSU a chinntiú go mbeidh ár mbaill ar an eolas fúinn agus faoin mhéid atá ar siúl againn. Chun seo a bhaint amach **'beidh UUSU inrochtana agus le feiceáil go láidir an champas'** rud a ligfidh duit muid a aimsiú agus muid de dhíth ort, gan dul ar ár lorg.



Aithníonn muid an luach a chuireann ár mbaill ar fáil do UUSU. Tá muid tiomanta go bhfaighidh muid bealach ina dtig linn leanúint den **'nasc le baill amach ón ollscoil'**. Leis sin a bhaint amach socróidh muid naisc le hiardháltaí sa dóigh go dtig leofa seo ar mian leo fanacht i dteagmháil linn agus bealaí bheith acu filleadh ar UUSU de réir mar a leanfaidh a saol ar aghaidh i ndiaidh na hollscoile.



uusonline



UUSU\_Online



UUSUOnline



UUSU\_Online



www.uusu.org



info@uusuu.org



028 7012 4319

